II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/183 ÓN gCOMHAIRLE

**an 10 Feabhra 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) An 28 Eanáir 2022, leasaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an liostú do dhuine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J.-Y. LE DRIAN

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 15:

"15. **Ainm**: **1: SAADI 2: QADHAFI 3: n/b 4: n/b**

**Teideal:** n/b **Ainmniú:** Ceannasaí ar Special Forces **Dáta Breithe: a)** 27 Bealtaine 1973 **b)** 1 Eanáir 1975 **Áit bhreithe:** Tripilí, an Libia **Ardcháilíocht dá ngairtear freisin.:** n/b **Cáilíocht íseal dá ngairtear freisin.:** n/b **Náisiúntacht:** n/b **Uimh. an Phas: a)** 014797 **b)** 524521 **c)** Uimhir na Libia AA862825, arna eisiúint an 19 Bealtaine 2021, arna eisiúint i dTripilí (in éag 18 Bealtaine 2029) **Uimh. aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** an Libia (faoi choinneáil) **Arna liostú:** 26 Feabhra 2011 (arna leasú an 28 Eanáir 2022, 26 Márta 2015, 2 Aibreán 2012, 14 Márta 2012) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhír 15 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil). Liostaithe an 17 Márta 2011 de bhun mhír 17 de rún 1970 (Reo Sócmhainní)."